



Ciorclán 0075/2017

**Chuig: Príomhoide/ Rúnaí Bhoird Bhainistíochta
gach Pobalscoil /Scoil Chuimsitheach**

**LEASÚ RÁTAÍ PÁ RÚNAITHE AGUS FEIHLITHE I SCOILEANNA POBAIL AGUS
CUIMSITHEACHA LE HÉIFEACTH Ó 1 EANÁIR 2018**

1. Is mian leis an Aire Oideachais agus Scileanna rúnaithe agus feighlithe i Scoileanna Pobail/ Cuimsitheacha a chur ar an eolais faoi na rátaí pá leasaithe a chuirfear i bhfeidhm le héifeacht ó 1 Eanáir 2018.
2. Tá na rátaí pá leasaithe tugtha isteach mar thoradh ar Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013 – 2020 (Comhaontú Bóthar Haddington / Comhaontú Bóthar Lansdúin) agus an tAcht um Pinsean na Seirbhíse Poiblí 2017.

Méaduithe tuarastail le héifeacht ó 1 Eanáir 2018

3. Tuarastail bhliantúlaithe le méadú 1% le héifeacht ó 1 Eanáir 2018.

Scálaí tuarastail leasaithe

4. Tá na scálaí tuarastail leasaithe ina bhfuil an méadú curtha i bhfeidhm agus a bheidh ag tosú ó 1 Eanáir 2018 ar fáil in Aguisín 1 den Chiorclán seo.
5. Tagann an Ciorclán seo agus na scálaí tuarastail agus na rátaí de réir uaire atá le híoc leis an bhfoireann atá i gceist anseo in ionad na Ciorcláin a bhí ann cheana, le héifeacht ó 1 Eanáir 2018.
6. Is féidir an íocaíocht le foireann páirtaimseartha nó le foireann a íoctar in aghaidh na huaire a leasú, de réir na ngnáthshocruithe, trí thagairt a dhéanamh do phá na foirne lánaimseartha lena mbaineann siad ó thaobh pá, mar atá sa Chiorclán seo.

Ragobair

7. Ba chóir íocaíocht ar ragobair a tharlaíonn ar nó i ndiaidh 1 Eanáir 2018 a áireamh trí thagairt a dhéanamh do na rátaí leasaithe pá le héifeacht ó 1 Eanáir 2018.

Asbhaintí ó phá

8. Léirítear asbhaintí ó phá mar chéatadán den phá (m.sh., plean leanúnachas ioncaim, síntiús ceardchumainn) agus is cóir iad a ath-áireamh de réir na rátaí pá leasaithe atá sa litir seo.

Coigeartú ar Leithdháileadh Pá

9. Déanfar na leasuithe, más cuí, do leithdháileadh pá do scoileanna nuair a bhíonn an t-eolas seo faoi chostas pá faighte:

Ceannteidil Pá	1/1/18 – 31/12/18
Oifigigh Cléireachais	
Feighlithe	
Glantóirí	
An tIomlán	

Srianta Breise maidir le Téarmaí agus Coinníollacha Fostaíochta a Aontaíodh le héifeacht ó 30 Samhain 2015

10. Meabhraítear d'Fhostóirí go bhfuil leasú déanta ar Acht na nAirí agus na Rúnaithe (Leasú) 2011 faoin Acht FEMPI 2015 chun srianta breise a thabhairt isteach maidir le téarmaí agus coinníollach fostaíochta a aontaíodh le fostaithe sa tseirbhís phoiblí agus leis na fostóirí san eagraíocht phoiblí lena mbaineann siad le héifeacht ó 30 Samhain 2015. Tá na codanna ábhartha den Acht ar fáil in Aguisín 2.

Dáileadh agus Fiosruithe

11. Déan deimhin de le do thoil go gcuirtear cóipeanna den Chiorclán seo ar fáil do bhaill uile an Bhoird Bhanistíochta agus go ndírítear aird na foirne lena mbaineann sé agus atá fostaithe agat, iad siúd atá ar bhriseadh ón obair san áireamh, ar a bhfuil sa Chiorclán.
12. Is féidir teacht ar an gCiorclán seo ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.education.ie
13. Is cóir fiosruithe faoin gCiorclán a chur ar ríomhphost chuig ccfinancial@education.gov.ie

Jill Fannin
Príomhoifigeach Gníomhach
Airgeadas Scoileanna

Philip Crosby
Príomhoifigeach
Caidreamh Foirne Seachtrach

21 Nollaig 2017

Aguisín 1.

SCÁLAÍ PÁ DO RÚNAITHE SCOILE I bPOBALSCOILEANNA AGUS I SCOILEANNA CUIMSITHEACHA LE hÉIFEACHT Ó 1 Eanáir 2018

Grád III:

Pointe ar an Scála	Iontrálaithe roimh 1 Eanáir 2011 01/01/2018	Iontrálaithe i ndiaidh 1 Eanáir 2011 01/01/2018
1	€ 25,015	€ 23,122
2	€ 25,775	€ 24,641
3	€ 26,882	€ 25,015
4	€ 27,993	€ 25,775
5	€ 29,106	€ 26,882
6	€ 30,211	€ 27,993
7	€ 31,290	€ 29,106
8	€ 32,365	€ 30,211
9	€ 33,128	€ 31,290
10	€ 34,195	€ 32,365
11	€ 35,268	€ 33,128
12	€ 37,289	€ 34,195
13	€ 37,289	€ 35,268
14		€ 37,289
15		€ 37,289
Incrimint Fadseirbhíse	€ 38,723	€ 38,723

*** tar éis 3 bliana de sheirbhís sásúil ag an gcéim is airde**

Grád IV:

Pointe ar an Scála	Iontrálaithe roimh 1 Eanáir 2011 01/01/2018	Iontrálaithe i ndiaidh 1 Eanáir 2011 01/01/2018
1	€ 29,913	€ 27,023
2	€ 31,965	€ 28,870
3	€ 33,712	€ 29,913
4	€ 35,243	€ 31,965
5	€ 36,719	€ 33,712
6	€ 38,715	€ 35,243
7	€ 40,159	€ 36,719
8	€ 41,625	€ 38,715
9		€ 40,159
10		€ 41,625
An Chéad Incrimint Fadseirbhíse	€ 42,974	€ 42,974
An Dara hIncrimint Fadseirbhíse	€ 44,328	€ 44,328

* tar éis 3 bliana de sheirbhís sásúil ag an gcéim is airde

** tar éis 3 bliana de sheirbhís sásúil ag an gCéad Incrimint Fadseirbhíse

SCÁLA PÁ D'FHEIGHLITHE SCOILE I bPOBALSCOILEANNA AGUS I SCOILEANNA CUIMSITHEACHA LASMUIGH DE CHEANTAR BHAILE ÁTHA CLIATH (CATHAIR CHORCAÍ SAN ÁIREAMH I ndIAIDH 1989)

Feighlí	Iontrálaithe roimh 1 Eanáir 2011 01/01/2018	Iontrálaithe i ndiaidh 1 Eanáir 2011 01/01/2018
Arna n-earcú	€ 590.03	€ 532.97
i ndiaidh 6 mhí	€ 593.16	€ 545.26
i ndiaidh 1½ bhliain	€ 596.14	€ 590.03
i ndiaidh 2½ bhliain	€ 597.76	€ 593.16
i ndiaidh 3½ bliana	€ 599.36	€ 596.14
i ndiaidh 4½ bliana	€ 601.06	€ 597.76
i ndiaidh 5½ bliana	€ 602.73	€ 599.36
i ndiaidh 6½ bliana	€ 604.53	€ 601.06
i ndiaidh 7½ mbliana	€ 606.23	€ 602.73
i ndiaidh 8½ mbliana	€ 608.03	€ 604.53
i ndiaidh 9½ mbliana	€ 609.92	€ 606.23
i ndiaidh 10½ mbliana	€ 611.82	€ 608.03
i ndiaidh 11½ mbliana	€ 613.56	€ 609.92
		€ 611.82
		€ 613.56

SCÁLA PÁ DO FHREASTALAITHE SCOILE I bPOBALSCOILEANNA AGUS I SCOILEANNA CUIMSITHEACHA LASMUIGH DE CHEANTAR BHAILE ÁTHA CLIATH

Freastalaí	Iontrálaithe roimh 1 Eanáir 2011 01/01/2018	Iontrálaithe i ndiaidh 1 Eanáir 2011 01/01/2018
Arna n-earcú	€ 575.02	€ 519.45
i ndiaidh 6 mhí	€ 578.16	€ 531.83
i ndiaidh 1½ bhliain	€ 581.08	€ 575.02
i ndiaidh 2½ bhliain	€ 582.77	€ 578.16
i ndiaidh 3½ bliana	€ 584.50	€ 581.08
i ndiaidh 4½ bliana	€ 586.13	€ 582.77
i ndiaidh 5½ bliana	€ 587.86	€ 584.50
i ndiaidh 6½ bliana	€ 589.58	€ 586.13
i ndiaidh 7½ mbliana	€ 591.38	€ 587.86
i ndiaidh 8½ mbliana	€ 593.18	€ 589.58
i ndiaidh 9½ mbliana	€ 595.03	€ 591.38
i ndiaidh 10½ mbliana	€ 596.90	€ 593.18
i ndiaidh 11½ mbliana	€ 598.69	€ 595.03
		€ 596.90
		€ 598.69

SCÁLA PÁ D'FHEIGHLITHE SCOILE I bPOBALSCOILEANNA AGUS I SCOILEANNA CUIMSITHEACHA LASMUIGH DE CHEANTAR BHAILE ÁTHA CLIATH (CATHAIR CHORCAÍ SAN ÁIREAMH I nDIAIDH 1989) (Daoine nach bhfuil mar Bhaill den Scéim Pinsin)

Feighlí	Iontrálaithe roimh 1 Eanáir 2011 01/01/2018	Iontrálaithe i ndiaidh 1 Eanáir 2011 01/01/2018
Arna n-earcú	€ 589.49	€ 532.47
i ndiaidh 6 mhí	€ 592.65	€ 544.80
i ndiaidh 1½ bhliain	€ 595.65	€ 589.49
i ndiaidh 2½ bhliain	€ 597.25	€ 592.65
i ndiaidh 3½ bliana	€ 598.90	€ 595.65
i ndiaidh 4½ bliana	€ 600.57	€ 597.25
i ndiaidh 5½ bliana	€ 602.24	€ 598.90
i ndiaidh 6½ bliana	€ 604.00	€ 600.57
i ndiaidh 7½ mbliana	€ 605.76	€ 602.24
i ndiaidh 8½ mbliana	€ 607.53	€ 604.00
i ndiaidh 9½ mbliana	€ 609.39	€ 605.76
i ndiaidh 10½ mbliana	€ 611.28	€ 607.53
i ndiaidh 11½ mbliana	€ 613.08	€ 609.39
		€ 611.28
		€ 613.08

PÁ DO FHREASTALAITHE I SCOILEANNA POBAIL & CUIMSITHEACHA LASMUIGH DE CHEANTAR BHAILE ÁTHA CLIATH (Daoine nach bhfuil mar Bhaill den Scéim Pinsin)

Freastalaí	Iontrálaithe roimh 1 Eanáir 2011 01/01/2018	Iontrálaithe i ndiaidh 1 Eanáir 2011 01/01/2018
Arna n-earcú	€ 574.51	€ 518.99
i ndiaidh 6 mhí	€ 577.67	€ 531.38
i ndiaidh 1½ bhliain	€ 580.61	€ 574.51
i ndiaidh 2½ bhliain	€ 582.25	€ 577.67
i ndiaidh 3½ bliana	€ 583.98	€ 580.61
i ndiaidh 4½ bliana	€ 585.69	€ 582.25
i ndiaidh 5½ bliana	€ 587.33	€ 583.98
i ndiaidh 6½ bliana	€ 589.11	€ 585.69
i ndiaidh 7½ mbliana	€ 590.85	€ 587.33
i ndiaidh 8½ mbliana	€ 592.68	€ 589.11
i ndiaidh 9½ mbliana	€ 594.50	€ 590.85
i ndiaidh 10½ mbliana	€ 596.39	€ 592.68
i ndiaidh 11½ mbliana	€ 598.24	€ 594.50
		€ 596.39
		€ 598.24

ZÓN BHAILE ÁTHA CLIATH, COMHAONTÚ PCW D'OIBRITHE GINEARÁLTA
(Baill den Scéim Pinsean Ranníocacha)

FEIGHLITHE	Iontrálaithe roimh 1 Eanáir 2011 01/01/2018	Iontrálaithe i ndiaidh 1 Eanáir 2011 01/01/2018
	€ 558.37	€ 504.47
	€ 562.70	€ 517.40
	€ 564.48	€ 558.37
	€ 566.23	€ 562.70
	€ 567.84	€ 564.48
	€ 569.74	€ 566.23
	€ 571.54	€ 567.84
	€ 573.21	€ 569.74
	€ 575.05	€ 571.54
	€ 576.92	€ 573.21
	€ 579.38	€ 575.05
	€ 581.75	€ 576.92
	€ 584.12	€ 579.38
		€ 581.75
		€ 584.12

Liúntas d'Fheighlí Sinsearach	€ 72.38
Liúntas d'Fheighlí Sóisearach	€ 28.22

Liúntas d'Fheighlí Sinsearach P&C i mBaile Átha Cliath má tá faomhadh faighte ag socruithe sealobre	€ 70.13
Liúntas d'Fheighlí Sóisearach P&C i mBaile Átha Cliath má tá faomhadh faighte ag socruithe sealobre	€ 25.97

ZÓN BHAILE ÁTHA CLIATH, COMHAONTÚ PCW D'OIBRITHE GINEARÁLTA

OIBRÍ GINEARÁLTA	Iontrálaithe roimh 1 Eanáir 2011 01/01/2018	Iontrálaithe i ndiaidh 1 Eanáir 2011 01/01/2018
	€ 557.85	€ 504.01
	€ 562.18	€ 516.96
	€ 563.95	€ 557.85
	€ 565.64	€ 562.18
	€ 567.36	€ 563.95
	€ 569.21	€ 565.64
	€ 571.02	€ 567.36
	€ 572.74	€ 569.21
	€ 574.56	€ 571.02
	€ 576.47	€ 572.74
	€ 578.89	€ 574.56
	€ 581.26	€ 576.47
	€ 583.65	€ 578.89
		€ 581.26
		€ 583.65

GLANTÓIRÍ

GLANTÓIR Ráta P/A	€ 14.74	€ 13.32
-------------------	---------	---------

Aquisín 2

Alt 12 den Acht um Bearta Éigeandála Airgeadais ar mhaithe le Leas an Phobail 2015

Leasú ar An Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011

Tá leasú ar An Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011 mar gheall ar chur isteach na míre seo a leanas tar éis mír 16:

“Smacht ar théarmaí agus ar choinníollacha na seirbhíseach poiblí

16A. (1) Sna cásanna seo a leanas —

(a) tá téarma nó coinníoll ceadaithe ag an Aire mar théarma nó coinníoll le bheith curtha i bhfeidhm don am i láthair maidir le fostaíocht aicme nó catagóir sheirbhísigh poiblí (bíodh sé gur ceadú atá le faomhadh atá ann, cinéalcheadú ar bith eile nó cead an Aire ar chinneadh duine eile san ábhar a dhéanamh), agus

(b) conradh fostaíochta a thugtar do sheirbhíseach poiblí laistigh den aicme nó catagóir sin a bhfuil téarma nó coinníoll istigh ann atá ag teacht leis nó atá mar an gcéanna leis an dtéarma nó coinníoll bunaithe atá ceadaithe ach atá níos buntáistí don seirbhíseach poiblí ná an téarma nó an coinníoll sin,

Beidh an conradh i bhfeidhm mar a bheadh an téarma nó coinníoll bunaithe atá ceadaithe (a bhfuil tagairt déanta air faoi fho-ailt (2) agus (3) mar ‘téarma nó coinníoll ceadaithe’) in ionad an téarma nó coinníoll cead luaite in alt (b) (a bhfuil tagairt déanta air faoi fho-ailt (2) agus (3) mar ‘téarma nó coinníoll neamhceadaithe’).

(2) Déanfar neamhaird ar mhéid ar bith íoctha chuig an seirbhíseach poiblí i gceist atá ceaptha a bheith ag cloí leis an dtéarma nó coinníoll neamhceadaithe atá níos mó ná an mhéid iníoctha chuig an seirbhíseach poiblí faoin dtéarma nó coinníoll ceadaithe chun críocha teidlíocht pinsin ar bith a áireamh (teidlíocht chnapshuim agus teidlíocht íocaíochtaí tráthrialta de phinsean san áireamh) don seirbhíseach poiblí sin.

(3) Sa chás a n-íoctar méid chuig an seirbhíseach poiblí i gceist atá ceaptha a bheith ag cloí leis an dtéarma nó coinníoll neamhceadaithe atá níos mó ná an mhéid iníoctha chuig an seirbhíseach poiblí faoin dtéarma nó coinníoll ceadaithe mar sin—

(a) coinneoidh an seirbhíseach poiblí an ró-íocaíocht ar iontaobhas do chomhlacht na seirbhíse poiblí, agus

(b) gheobhaidh comhlacht na seirbhíse poiblí méid na ró-íocaíochta ar ais ón seirbhíseach poiblí go díreach nó trí asbhaint den luach saothair iníoctha don seirbhíseach poiblí sin ina dhiaidh sin nó ar bhealach ar bith eile.

(4) Sa chás—

(a) a dhéantar conradh fostaíochta maidir leis an seirbhíseach poiblí, agus

(b) ina bhfuil téarma nó coinníoll sa chonradh maidir le luach saothair nach bhfuil ag teacht leis nó nach bhfuil mar an gcéanna le téarma nó coinníoll ar bith bunaithe atá ceadaithe ag an Aire maidir le fostaíocht aicme nó catagóir sheirbhísigh poiblí ina gcuirtear an

seirbhíseach poiblí céad luaite (bíodh sé gur ceadú atá le faomhadh atá ann, cinéalcheadú ar bith eile nó cead an Aire ar chinneadh duine eile san ábhar), agus

beidh an téarma nó coinníoll curtha ar neamhní.

(5) Déanfar neamhaird ar mhéid ar bith íoctha chuig an seirbhíseach poiblí i gceist atá ceaptha a bheith ag cloí le téarma nó coinníoll curtha ar neamhní faoi fho-alt (4) chun críocha teidlíocht pinsin a áireamh (teidlíocht chnapshuim agus teidlíocht íocaíochtaí tráthrialta de phinsean san áireamh) don seirbhíseach poiblí sin.

(6) Sa chás a n-íochtar méid chuig an seirbhíseach poiblí i gceist atá ceaptha a bheith ag cloí le téarma nó coinníoll curtha ar neamhní faoi fho-alt (4) mar sin—

(a) coinneoidh an seirbhíseach poiblí an ró-íocaíocht ar iontaobhas do chomhlacht na seirbhíse poiblí, agus

(b) gheobhaidh comhlacht na seirbhíse poiblí méid na ró-íocaíochta ar ais ón seirbhíseach poiblí go díreach nó trí asbhaint den luach saothair iníoctha don seirbhíseach poiblí sin ina dhiaidh sin nó ar bhealach ar bith eile.

(7) Ní ghlacfar le fo-ailt (3) agus (6) mar theorann ar dhliteanas faoi reacht duine ar bith mar mhíniú ar a leithéid de ró-íocaíocht.

(8) Sa chás nach bhfaightear méid a bhaineann le fo-alt (3) nó (6) ar ais ag comhlacht na seirbhíse poiblí lena mbaineann sé, d'fheadfadh an tAire ordú a thabhairt don gcomhlacht sin an mhéid a fháil ar ais, roimh dháta sonrath, i gcomhréir le fo-alt (3)(b) nó (6)(b), de réir mar is cuí, agus, muna n-éireofar leis an gcomhlacht an mhéid a fháil ar ais, d'fheadfadh an tAire an mhéid a asbhaint de dheontas nó vótáil, nó íocaíocht ar bith den gcomhlacht sin amach as airgead tugtha go díreach nó go hindíreach ag an Oireachtas nó ón Lárchiste nó toradh an chiste sin.

(9) Baineann an t-alt seo le téarma nó coinníoll aontaithe i ndiaidh tús a chur le halt 12 den Acht um Bearta Éigeandála Airgeadais ar mhaithe le Leas an Phobail 2015.

(10) Tá an t-alt seo i bhfeidhm in ainneoin—

(a) achtachán ar bith eile,

(b) scéim pinsin nó socrú ar bith eile,

(c) comhaontú nó socrú conartha ar bith eile, nó

(d) tuiscint, ionchas, ciorclán nó ionstraim ar bith nó cáipéis eile.

(11) San alt seo—

Is ionann “seirbhíseach poiblí” agus duine atá fostaithe ag, nó a choinníonn oifig nó áit eile i gcomhlacht na seirbhíse poiblí;

Is ionann “luach saothair” agus díolaíochtaí a bhaineann le nó atá bainte le caibidil 4 de pháirt 42 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.”.